2026/122

16.1.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/122 ÓN gCOMHAIRLE

## an 16 Eanáir 2026

## lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 19 Eanáir 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2024/385 ([1]).

(2) I gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2024/385, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar na bearta sriantacha i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, grúpaí, eintiteas agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin. Chinn an Chomhairle gur cheart an iontráil le haghaidh duine aonair éagtha amháin a scriosadh agus gur cheart an iontráil le haghaidh duine aonair amháin a thabhairt cothrom le dáta. Ba cheart síneadh a chur le Cinneadh (CBES) 2024/385 go dtí an 20 Eanáir 2027.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/385 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2024/385 mar a leanas:

(1) in Airteagal 9, an chéad mhír, cuirtear an dáta 'an 20 Eanáir 2027' in ionad an dáta 'an 20 Eanáir 2026';

(2) leasaítear an Iarscríbhinn i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Eanáir 2026.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. RAOUNA

---

([1]) Cinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle an 19 Eanáir 2024 lena mbunaítear bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha a dhéanann Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin (IO L, 2024/385, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/385/oj).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385 mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 1:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1. | Abdelbasit Elhassan Mohamed Khair HAMZA | Dáta breithe: 28.8.1955<br>Áit bhreithe: an tSúdáin<br>Náisiúntacht: Súdánach<br>Uimhir an phas: B00018729 (an tSúdáin)<br>Inscne: fireann | Is maoinitheoir de chuid Hamas atá lonnaithe sa tSúdáin é Abdelbasit Hamza Elhassan Mohamed Khair Hamza a bhainistíonn cuideachtaí i bpunann infheistíochta Hamas. Chuir Hamza cistí ar fáil do Hamas trí líonra cuideachtaí, lena n-áirítear, go háirithe, Al Rowad Real Estate Development agus Al Zawaya Group for Development and Investment. Ar an gcaoi sin, bíonn Abdelbasit Hamza rannpháirteach i maoiniú Hamas. | 19.1.2024'; |

(2) faoin gceannteideal 'A. Daoine nádúrtha', scriostar an iontráil seo a leanas:

11. Ismail Barhoum.